



Céim Forbartha

Cosán 2016-2020

- Lainseáladh an chreatlach náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí, *Cosán*, ar an 15 Márta 2016.

- Idir 2016 agus 2020 beidh próiseas forbartha ina mbainfidh scoileanna leas as cur chuige taighde cleachtóirí le scrúdú a dhéanamh ar cad a chiallóidh an chreatlach dóibh siúd, sa saol mar atá i gcomhthéacs a scoile.

- Tá cuireadh á thabhairt ag an gComhairle anois do scoileanna agus múinteoirí páirt a ghlacadh sa phróiseas sin, agus cuidiú le cruth a chur ar an gcreatlach idir polasaithe agus cleachtadh. Is mian leis an gComhairle obair i gcomhar le múinteoirí chun cuidiú le roinnt príomhcheisteanna a fhreagairt, ar nós “Cad a chiallóidh sé seo domsa?” nó “Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil foghlaim ardchaighdeáin ar bun agus go bhfuil éifeacht léi?”

- Tabharfar tacaíocht do scoileanna agus múinteoirí atá rannpháirteach sa phróiseas seo trí mheicníochtaí éagsúla. Faoi láthair, táthar ag oibriú amach na tacaíochtaí seo, agus beidh tuilleadh mionsonraí ar fáil sna míonna amach romhainn.

- Bunófar grúpa oibre le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas forbartha agus beidh ionadaíocht ag múinteoirí atá ag cleachtadh ar an ngrúpa oibre sin.

- Díreoidh an próiseas forbartha seo ar líon de phríomhaidhmeanna taighde a bhfuil achoimre déanta orthu ar an gcéad leathanach eile, in éineacht le roinnt de na ceisteanna a bhféadfadh múinteoirí iniúchadh a dhéanamh orthu, agus iad ag iarraidh na haidhmeanna sin a bhaint amach.

- Beidh tuilleadh eolais faoin bpróiseas forbartha ar fáil ar **www.teachingcouncil.ie** go luath. Idir an dá linn, is féidir le scoileanna nó múinteoirí a bhfuil spéis acu ann a spéis i dtosach ama a léiriú trí ríomhphost a chur chuig **cosan@teachingcouncil.ie**, agus gheobhaidh siad tuairisc chun dáta nuair atá tuilleadh sonraí ar fáil.



Tugtar achoimre de na haidhmeanna thíos, in éineacht le roinnt ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann le míniú a thabhairt faoina bhfuil i gceist le gach ceann:

1. Caighdeáin

“Conas a d'fhéadfadh na caighdeáin in *Cosán* tacú leis an bhforbairt a dhéanaim mar dhuine gairmiúil?”

2. Creidiúnú Clár

Conas a d'fhéadfadh an creidiúnú clár tacú le múinteoirí le deiseanna foghlama a aithint a bheidh fiúntach agus úsáideach?

Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil deiseanna foghlama ar chaighdeán maith ar fáil do na múinteoirí uile?

3. Nasc leis an gClárú

Cad a bheidh i gceist leis seo go praiticiúil? Conas is féidir é seo a dhéanamh le gur féidir ár gcuid foghlama a aithint ar bhealach inbhuanaithe?

4. Inscálaitheacht

Cad é an bealach is fearr ina n-oibreoidh an chreatlach seo i gcomhthéacs mo scoile?

Cad iad na hacmhainní atá ag teastáil chun tacú le múinteoirí le bheith rannpháirteach agus le machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim ghairmiúil ar bhealach inbhuanaithe?

5. Meicníochtaí le taifeadadh agus machnamh a dhéanamh

Cén tsórt chuma bheidh air seo domsa? Do mo scoil?

Conas is féidir liom a bheith cinnte go bhfuil éifeacht le mo chuid foghlama?

Conas is féidir liom taifeadadh agus machnamh a dhéanamh ar bhealach a bheidh fiúntach domsa, agus inbhuanaithe i gcomhthéacs m'ualach oibre?

Tarlaíonn roinnt den fhoghlaim is fearr le mo chomhghleacaithe ar bhealach neamhghoirmiúil. Conas is féidir le *Cosán* aitheantas a thabhairt dó seo?